C/2025/1144

19.2.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1144)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘San Gimignano’

PDO-IT-A1464-AM02

Dáta na teachtaireachta: 20.11.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Iarscríbhinn 1 agus na tagairtí di a scriosadh**

Tuairisc:

Rinneadh Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge, ar iarscríbhinn í a bhaineann leis an liosta cineálacha atá oiriúnach lena saothrú i réigiún na Tuscáine, mar aon leis an tagairt di sa tsonraíocht, a scriosadh.

Cúis:

Ós rud é go ndéanann an teaglaim cineálacha fíniúna tagairt cheana féin do na cineálacha fíniúna breise a áirítear i liosta réigiún na Tuscáine, measadh gurbh fhearr an liosta in Iarscríbhinn 1 a scriosadh, chun nuashonrú leanúnach an liosta a sheachaint.

Baineann an leasú le hIarscríbhinn 1 agus le hAirteagal 2(2) den tsonraíocht táirge.

2. **Reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta**

Tuairisc:

Rinneadh roinnt tagairtí reachtacha a thabhairt cothrom le dáta nó cuireadh tagairt chineálach don reachtaíocht atá i bhfeidhm ina n-ionad.

Cúis:

Reachtaíocht earnála a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú le hAirteagail 5(1) agus 7(4) (ar a dtugtaí 7(3) roimhe seo) den tsonraíocht táirge.

3. **Scriosadh na míre a bhaineann le húsáid an téarma ‘Riserva’**

Tuairisc:

Scriosadh an mhír lena sonraítear an ceart chun an téarma ‘Riserva’ a úsáid.

Cúis:

Níor measadh go gcuirfeadh an mhír aon rud leis an téacs.

Baineann an leasú le hAirteagal 5(8), a scriosadh go hiomlán.

4. **An téarma ‘tirim’ a thabhairt isteach sna saintréithe maidir le tomhaltas**

Tuairisc:

Cuireadh an téarma ‘tirim’ isteach sa tuairisc ar bhlas na gcineálacha fíona uile ar a bhfuil an t-ainm ‘San Gimignano’, tuairisc nach bhfuil sé ina chuid i faoi láthair; dá bhrí sin, scriosadh an léiriú ar an méid siúcra iarmharach.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúis:

Leasaíodh an téacs chun é a oiriúnú agus chun é a ailíniú leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus reachtaíocht ábhartha an Aontais atá ann faoi láthair.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

5. **Leasú ar shaintréithe maidir le tomhaltas i gcás 'San Gimignano' Vin Santo:**

Tuairisc:

Leasaíodh na saintréithe maidir le tomhaltas i gcás 'San Gimignano' Vin Santo sa mhéid gur cuireadh an téarma 'dian' in ionad an téarma 'trom' agus gur cuireadh an téarma 'milis' in ionad an téarma 'meánmhilis'. Ina theannta sin, méadaíodh an luach don eastóscán íosta saor ó shiúcra ó 21,0 g/l go 23,0 g/l agus sloinntear an aigéadacht luaineach uasta in meq/l seachas g/l.

Cúis:

Bhí gá leis an leasú chun téarmaí níos comhleanúnaí a úsáid agus chun na tuairiscí agus na luachanna a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

6. **Leasú ar shaintréithe maidir le tomhaltas i gcás 'San Gimignano' Vin Santo Occhio di Pernice:**

Tuairisc:

Leasaíodh na saintréithe tomhaltais i gcás 'San Gimignano' Vin Santo Occhio di Pernice sa mhéid go sloinntear an aigéadacht luaineach uasta in meq/l seachas g/l.

Cúis:

Bhí gá leis an leasú chun na tuairiscí agus na luachanna a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

7. **An téarma geografach sainordaitheach 'Toscana' a chur ar an lipéad**

Tuairisc:

Cuireadh isteach an ceanglas maidir leis an téarma geografach 'Toscana' a bheith ar an lipéad agus sainmhíníodh na sonraíochtaí ábhartha maidir le húsáid an téarma.

Cúis:

Tugadh an leasú isteach chun go mbeidh sé indéanta fíonta an ainmniúcháin lena ngabhann an limistéar táirgeachta a shainaithint ar bhealach níos fearr agus chun an t-ainmniúchán a neartú, ós rud é go bhfuil 'Toscana' ar cheann de na téarmaí is tábhachtaí agus is mó meas ar domhan, ach chun fíonta Tuscánacha a chur chun cinn freisin i dteannta a chéile ar mhargaí eachtracha.

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht, trí mhí 7.2 agus an roinn maidir le 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair a chur isteach.

8. **An nasc leis an timpeallacht gheografach a thabhairt cothrom le dáta**

Tuairisc:

Tugadh an t-airteagal maidir leis an nasc leis an limistéar geografach cothrom le dáta agus comhtháthaíodh é leis na nótaí maidir leis na leasuithe ar na saintréithe maidir le tomhaltas 'San Gimignano' 'Vin Santo Occhio di Pernice'.

Cúis:

Ba ghá an t-airteagal a leasú mar thoradh ar nuashonrú na saintréithe maidir le tomhaltas 'San Gimignano' 'Vin Santo Occhio di Pernice'. Measadh freisin gur ghá an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach' a athscríobh chun í a thabhairt i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge. Dá bhrí sin, ní bhaineann athscríobh na roinne sin ach le foirm an téacs.

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach'.

9. **Athrú ar sheoladh an chomhlachta cigireachta**

Tuairisc:

Tugadh seoladh an chomhlachta cigireachta cothrom le dáta.

Cúis:

Athrú seolta.

Baineann an leasú le hAirteagal 10(1) den tsonraíocht táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

San Gimignano

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód ainmníochta comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta):**

1. *'San Gimignano' Rosso agus 'San Gimignano' Rosso Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín lena ngabhann déine éagsúil, agus imireacha corcra ann a dtagann dath an ghairnéid orthu le haois;

Dea-bholadh: fíonmhar, éadrom.

Blas: tirim, comhchuí, tathagach, tainneach ar bhealach deas.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %; 12,50 % de réir toirte i gcás an chineáil 'Riserva'.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *‘San Gimignano’ Sangiovese agus ‘San Gimignano’ Sangiovese Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín lena ngabhann déine éagsúil, agus imireacha an ghairnéid ann tar éis aosú níos faide.

Dea-bholadh: fíonmhar, dian agus galánta.

Blas: tirim agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %; 12,50 % de réir toirte i gcás an chineáil ‘Riserva’.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20,0

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *‘San Gimignano’ Merlot agus ‘San Gimignano’ Merlot Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois;

Dea-bholadh: fíonmhar, lena ngabhann imireacha de thorthaí beaga.

Blas: tirim, comhchuí agus iomlán.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %; 12,50 % de réir toirte i gcás an chineáil ‘Riserva’.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *‘San Gimignano’ Cabernet Sauvignon agus ‘San Gimignano’ Cabernet Sauvignon Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath dian dearg an rúibín, agus imireacha an ghairnéid ann tar éis aosaithe.

Dea-bholadh: dian, sainiúil, spíosrach.

Blas: tirim, iomlán agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %; 12,50 % de réir toirte i gcás an chineáil 'Riserva'.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *'San Gimignano' Pinot Nero agus 'San Gimignano' Pinot Nero Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath an rúibín.

Dea-bholadh: dian, fíonmhar, agus imireacha féideartha torthaí citris.

Blas: tirim, lán, sainiúil.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %; 12,50 % de réir toirte i gcás an chineáil 'Riserva'.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 2,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *'San Gimignano' Vinsanto Occhio di Pernice nó Vin Santo Occhio di Pernice*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: idir bándearg éadrom agus bándearg dian, suas go dtí oráiste.

Dea-bholadh: fíneáilte, mín, sainiúil.

Blas: bog, maothlach, réidh.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16,50 %, le neart alcóil iarbhír 14,50 % ar a laghad.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 30,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

7. *'San Gimignano' Rosato*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: bándearg lena ngabhann déine éagsúil, geal.

Dea-bholadh: fíneálta, úr, torthaíoch.

Blas: tirim, úr, comhchuí, torthaíoch.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

8. *'San Gimignano' Vinsanto nó Vin Santo*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: idir buí geal agus buí órga.

Dea-bholadh: boladh d'éitir, domhain, suaithinseach.

Blas: tirim go milis, comhchuí, mín, marthanach.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 16,50 %, le neart alcóil iarbhír 14,50 % ar a laghad;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 30,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

9. *'San Gimignano' Syrah agus 'San Gimignano' Syrah Riserva*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: flanndearg.

Dea-bholadh: saintréitheach, galánta, agus blasanna caor dearg air.

Blas: tirim agus comhchuí.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %; 12,50 % de réir toirte i gcás an chineáil 'Riserva'.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20,00

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. 'San Gimignano' - fíonóireacht, aosú, bailchríochnú agus buidéalú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór fíonóireacht, aosú agus buidéalú, lena n-áirítear triomú na bhfíonchaor, a dhéanamh laistigh de theorainneacha riaracháin chúigí Siena agus Fhlórans.

Féadfaidh an téarma 'Riserva' a bheith san áireamh sna cineálacha 'San Gimignano' Rosso, Sangiovese, Cabernet Sauvignon, Merlot, Syrah agus Pinot Nero má tá siad aosaithe ar feadh 24 mhí ar a laghad, agus nach mór 7 mí díobh sin tarlú i mbairillí adhmaid.

5.2. *Uastáirgeacht:*

1. 'San Gimignano' Rosso, Sangiovese, Cabernet Sauvignon, Merlot, Syrah agus Pinot Nero

56 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

2. 'San Gimignano' Rosso, Sangiovese, Cabernet Sauvignon, Merlot, Syrah agus Pinot Nero

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

3. ‘San Gimignano’ Vinsanto nó Vin Santo agus Vin Santo Occhio di Pernice nó Vinsanto Occhio di Pernice

35 heictilítear in aghaidh an heicteáir.

4. ‘San Gimignano’ Vinsanto nó Vin Santo agus Vin Santo Occhio di Pernice nó Vinsanto Occhio di Pernice

10 000 cileagram d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

5. ‘San Gimignano’ Rosato

70 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. ‘San Gimignano’ Rosato

10 000 cileagram d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar fásta fíonchaor atá oiriúnach chun fíonta DOC ‘San Gimignano’ a tháirgeadh lonnaithe laistigh de Réigiún na Tuscáine agus, go háirithe, i gcúige Siena. Áiríonn sé talamh fíonsaothrúcháin ardcháilíochta bhardas iomlán San Gimignano.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Cabernet Sauvignon N. - Cabernet

Malvasia Bianca Lunga B. - Malvoisier

Merlot N.

Pinot Nero N. – Pinot

Sangiovese N - Sangioveto

Syrah N. - Shiraz

Trebbiano Toscano B. - Procanico

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

1) Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Tá an limistéar táirgeachta go hiomlán laistigh de bhardas San Gimignano, atá suite in iarthuaisceart chúige Siena, i gcroílár na Tuscáine, leath bealaigh idir cósta Thoirian agus an droim Aipiníneach. Is limistéar cnocach é atá sa raon ó 67 m go 629 m os cionn leibhéal na farraige; is de thionscnamh Pléicéineach iad na hithreacha, a théann siar go dtí idir 6,8 agus 1,8 milliún bliain ó shin.

Tá an talamh a úsáidtear chun fíonta DOC ‘San Gimignano’ a tháirgeadh lonnaithe ar shil-leaganacha muirí Pléicéineacha agus is é atá ann gaineamh buí (tufa) agus cré bhuí agus liath a shrathaítear go minic ar chréanna níos dlúithe agus níos doimhne. Ina theannta sin, saintréith dá chuid is ea gaineamh ina bhfuil clocha agus siostaí créúla, ar cumasc é a chruthaíonn dálaí fabhracha le haghaidh threá na bhfréamhacha plandaí. Bíonn ábhar orgánach ann de ghnáth, mar gheall ar churaíocht agus ar shaothrú barr arís agus arís eile thar na céadta blianta. Is toisc thábhachtach iad na cionmhaireachtaí comhcheangailte éagsúla gainimh, cré, ábhair orgánaigh agus cloch ar saintréithe de na hithreacha aonair iad lena gcinntear airíonna na bhfíonchaor agus na bhfíonta, lena bhfeabhsaítear tathag na bhfíonta agus an acmhainneacht aosaithe, ar saintréithe iad atá coitianta i leith na gcineálacha éagsúla fíona DOC ‘San Gimignano’.

Tá na fíonghoirt suite idir 70 m agus 500 m os cionn leibhéal na mara, agus grádáin agus nochtaí éagsúla acu agus sin ag brath ar an taobh cnoic ar a bhfuil siad lonnaithe.

Tá aeráid fho-Mheánmhuirí ann sa limistéar lena ngabhann samhraí measartha tirim, geimhrí sách fuar agus báisteach le linn dhá thréimhse ar leith: deireadh an fhómhair-tús an gheimhridh agus deireadh an gheimhridh-tús an earraigh.

Na teochtaí, is gnáth-theochtaí de chuid aeráid an limistéir iad. Bíonn an mheánbháisteach bhliantúil thart ar 700 mm, dáiltear í thar 83 lá báistí ar an meán, agus bíonn íosmhéid choibhneasta ann sa samhradh agus bíonn buaicphointe ann san fhómhar. Bíonn an limistéar dea-aeraithe ó cheann ceann na bliana. Is annamh a bhíonn ceo ann.

2) Tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá tábhacht mhór ag baint leis na tosca daonna atá nasctha leis an limistéar fíonsaothrúcháin, áit a bhfuil traidisiún seanbhunaithe ag na daoine fíonta dearga 'San Gimignano' a tháirgeadh. Tá flúirse fianaise seandálaíochta ann maidir le fíonsaothrú i limistéar San Gimignano ar fianaise í a théann siar go haimsir na nÉatrúscach. Ar feadh na gcéadta blianta ba é táirgeadh agus díol an fhíona an phríomhghníomhaíocht talmhaíochta agus eacnamaíoch, ní hamháin maidir leis an 'Vernaccia di San Gimignano' cáiliúil ach maidir le fíonta dearga i gcoitinne.

Déanta na fírinne, bhí táirgeadh fíonta dearga níos mó i gcónaí ná táirgeadh fíonta geala.

Idir na Meánaoiseanna agus an Athbheochan, tháirg fíniúnacha San Gimignano fíonta geala agus 'vermiglio', ar fíon dearg tathagach é sin a raibh ard-mheas air cheana féin an tráth sin, araon.

Tá an traidisiún maidir le 'vinsanto' a tháirgeadh in San Gimignano seanbhunaithe freisin: téann an chéad fhianaise air sin siar go 1348 nuair a rinne manach Proinsiasach iarracht pian galar agus plánna a mhaolú le fíon milis ar tugadh 'Vinsanto' ['fíon naofa'] air dá bharr.

Tá fíonghoirt San Gimignano á moladh ag ceannaitheoirí fíona riamh mar gheall ar cháilíocht agus ar charachtar na bhfíonta dearga a tháirgtear ansin. Le linn an 20ú haois, mar thoradh ar iarrachtaí agus meon taighde na saothróirí fíniúna, rinneadh sraith turgnamh lenar cobhsaíodh saothrú fíniúnacha dearga idirnáisiúnta amhail Merlot, Cabernet Sauvignon, Syrah agus Pinot Noir ar thaobhanna na gcnoc áitiúil; chuir siad feabhas ar theicnící fíonóireachta traidisiúnta freisin trí bhairillí adhmaid de mhéideanna éagsúla a úsáid.

Agus an méid sin á chur san áireamh, tarraingíodh suas sonraíocht táirgeachta tosaigh in 1996 arb é ab aidhm di na fíonta dearga agus 'vinsanto' a bhí á dtáirgeadh sa limistéar a dhéanamh níos infheicthe agus níos in-idirdhealaithe trí na teicnící fíonsaothrúcháin a thabhairt cothrom le dáta agus trí fhíniúnacha dearga eile a thabhairt isteach chun an fhíniúin Sangiovese a chomhlánú, rud as ar lean an staid reatha a thuairiscítear sa tsonraíocht reatha, arb é is aidhm di na fíonta is airde caighdeán a tháirgeadh trí mheascán de thraidisiún agus de nuálaíocht.

Ceadaíonn an tsonraíocht go leor saoirse maidir le córais oiliúna thraidisiúnta na Tuscáine a úsáid ach cuireann sí gach córas oiliúna lastuas as an áireamh toisc nach bhfuil siad comhoiriúnach le timpeallacht taoibh cnoic in aeráid fho-Mheánmhara.

Is iad na cleachtais fíonóireachta na cleachtais sin a tógadh go traidisiúnta sa limistéar maidir le fíonta dearga, rosé agus 'vinsanto' a dhéanamh, agus iad arna ndifreáil go hoiriúnach de réir cineáil.

8.2. *B) Faisnéis faoi cháilíocht agus faoi shaintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go hiomlán i leith na timpeallachta geografaí*

Is é atá in ainmniúchán 'San Gimignano' sé chineál fíona dheirg (i bhfoirm 'Riserva' freisin), cineál amháin fíona rosé agus dhá chineál fíona 'vinsanto'. Ó thaobh na hanailíse de, tá saintréithe an-soiléir agus an-sonrach ag na fíonta sin, ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 6 den tsonraíocht, rud a fhágann gur féidir gach ceann acu a nascadh go soiléir leis an timpeallacht gheografach.

Go háirithe a ndath: fíonta dearga: dath dearg an rúibín lena ngabhann déine éagsúil, agus dath an ghairnéid orthu mar thoradh ar aosú; fíonta rosé: bándearg de dhéine éagsúil; 'San Gimignano' Vinsanto: idir buí geal agus buí órga; 'San Gimignano' Vinsanto Occhio di Pernice: ó bhándearg éadrom go bándearg geal, suas le horáiste. I dtéarmaí dea-bholaidh, bíonn dea-bholaithe fíneálta, diana agus cineálacha ag na fíonta ag brath ar an gcineál. Bíonn blas tirim agus comhchuí ar na fíonta uile, agus bíonn an cineál 'vinsanto' bog agus mín.

8.3. *C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B.*

Le fada an lá, tá na cumaisc fíonchaor a úsáidtear chun fíonta dearga agus fíonta 'vinsanto' araon a tháirgeadh, chomh maith leis na teicnící fíonóireachta, mar an gcéanna leo siúd a úsáidtear i bhformhór chnoic na Tuscáine.

Mar sin féin, mar thoradh ar thimpeallacht pheidichlíomach ar leith San Gimignano, is féidir fíonchaora a fhás a bhfuil cáilíochtaí sonracha acu atá éagsúil leo siúd a fhástar i limistéir chomharsanachta, amhail comhchodanna feanólacha le haghaidh fíonta dearga agus tathag, a aistrítear chuig na fíonta, rud a fhágann go bhfuil siad uathúil agus inaitheanta laistigh de speictream na bhfíonta Tuscánacha. Is toisc thábhachtach iad na cionmhaireachtaí comhcheangailte éagsúla gainimh, cré, ábhair orgánaigh agus cloch ar saintréithe de na hithreacha aonair iad lena gcinntear airíonna na bhfíonchaor agus na bhfíonta, lena bhfeabhsaítear tathag na bhfíonta agus an acmhainneacht aosaithe, ar saintréithe iad atá coitianta i leith na gcineálacha éagsúla fíona DOC 'San Gimignano'.

Tá fíonghoirt San Gimignano á moladh ag ceannaitheoirí fíona riamh mar gheall ar cháilíocht agus ar charachtar na bhfíonta dearga a tháirgtear ansin. Tháinig tuilleadh forbartha orthu sin agus, le linn an 20ú haois, tháinig sraith turgnamh as spiorad taighde na saothróirí fíniúna lenar cobhsaíodh saothrú fíniúnacha dearga idirnáisiúnta ar thaobhanna na gcnoc áitiúil amhail Merlot, Cabernet Sauvignon, Syrah agus Pinot Noir; chuir siad feabhas ar theicnící fíonóireachta traidisiúnta freisin trí bhairillí adhmaid de mhéideanna éagsúla a úsáid.

Agus an méid sin á chur san áireamh, tarraingíodh suas sonraíocht táirgeachta tosaigh in 1996 arb é ab aidhm di na fíonta dearga agus 'vinsanto' a bhí á dtáirgeadh sa limistéar a dhéanamh níos infheicthe agus níos in-idirdhealaithe trí na teicnící fíonsaothrúcháin a thabhairt cothrom le dáta agus trí fhíniúnacha dearga eile a thabhairt isteach chun an fhíniúin Sangiovese a chomhlánú. Is é an toradh atá air sin an staid reatha ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht atá ann faoi láthair, inarb é an aidhm atá ann fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh, trí chumasc traidisiúin agus nuálaíochta, ar fíonta iad atá inaitheanta i measc na bhfíonta ón Tuscáin.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Oibleagáid chun an téarma geografach 'Toscana' a bheith ar an lipéad

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an téarma geografach 'Toscana' a bheith le feiceáil ar an lipéad.

Ní mór an fhoclaíocht seo a leanas a bheith ar lipéadú an ainmniúcháin 'San Gimignano' i gcónaí ina hiomláine agus san ord seo a leanas:

San Gimignano

Denominazione di Origine Controllata (nó an giorrúchán DOC)

Cineál (agus an téarma 'Riserva' a úsáid má cheadaítear sin)

Toscana

Ní mór an téarma 'Toscana' a bheith le feiceáil i litreacha den chló céanna, den stíl chéanna, den spásáil chéanna, den scáth céanna agus den déine dhathmhéadrach chéanna a úsáidtear le haghaidh na bhfocal 'San Gimignano'. De bhreis air sin, ní mór an téarma 'Toscana' a bheith le feiceáil i gceannlitreacha agus/nó i litreacha beaga aonfhoirmeacha, i gcomparáid leo siúd a úsáidtear le haghaidh na bhfocal 'Vernaccia di San Gimignano', agus ar chúlra aonfhoirmeach le haghaidh sheicheamh iomlán na dtásc a liostaítear sa mhír sin roimhe sin, agus ní ceadmhach na litreacha a bheith níos mó ná 2/3 den mhéid a úsáidtear le haghaidh na bhfocal 'Vernaccia di San Gimignano'.

Tá an oibleagáid dá dtagraítear sa mhír seo gan dochar do dhiúscairt lipéad le haghaidh baisceanna pacáistíochta táirgí a eascraíonn as buaint 2024 agus as buaint roimhe sin, nach bhfuil an téarma 'Toscana' orthu, arna sealbhú ag na cuideachtaí lena mbaineann ar dháta theacht i bhfeidhm na Foraithne lena bhformheastar an leasú ar an tsonraíocht seo, ar táirgí iad a fhéadfar a úsáid go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/22281